

# **Scéalta agus Dánta Nua as Gaeilge**



**FIGHTING  
WORDS**  
GAEILGE

## Campa Scríbhneoireachta Fighting Words, Samhradh 2022

I mí Feabhra 2022, fuair mé ríomhphost ó Nicola Kerrigan, an Comhordaitheoir d'Óige Chruthaitheach le Bord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin (GRETB). Theastaigh uaithe cur leis an gclár Gaeilge a bhí acu agus deiseanna a chur ar fáil do dhaoine óga a gcuid cruthaitheachta a fhuascailt. Shocraigh muid campa samhraidh sa scríbhneoireacht chruthaitheach a dhéanamh ar líne ar feadh sé seachtaine.

Reáchtáil Fighting Words Chonamara na seisiúin ar líne gach Máirt. Bhí déagóirí as chuile chearn den tír páirteach ann.

Bhí téama difriúil againn chuile sheachtain agus bhí tascanna scríbhneoireachta le déanamh ag na rannpháirtithe. Ba iontach go deo an méid samhlaíochta a tháinig ón ngrúpa seo.

Tháinig an scríbhneoir iomráiteach Tadhg Mac Dhonnagáin isteach mar aoichainteoir sa chúigiú seachtain. Bhí sé thar cionn ar fad! Tá muid an-bhuíoch de Thadhg a roinn a chuid eolais agus a chuid ama go fial linn. Tá buíochas freisin ag dul do na meantóirí deonacha a bhí linn le linn an champa.

Ach tá an buíochas is mó ag dul do na scríbhneoirí óga a tháinig chuile Mháirt ar feadh sé seachtaine tráthnónta breátha samhraidh!

Tréasláim leis na scríbhneoirí óga ar fad a bhí páirteach: **Éire Ní Fhaoláin, Chulainn Ó Faoláin, Sinéad O'Reilly, Aisling Ní Nuanáin, Niamh Masún, Stephen Rooney, Anú Nic Ruairí, Siobhán Ní Mhistéil, Caoimhe Ní Chuinn agus John Ward.**

Seo cnuasach de chuid de na píosaí a scríobhadh le linn an champa. Tá súil agam go mbainfidh sibh sult astu.

Bríd-Treasa Wyndham

Comhordaitheoir na gClár Gaeilge

Fighting Words



## Dé hAoine

### Scríofa ag Sinéad O'Reilly

Sa seomra gléasta  
Cosa ar tíleanna fliucha  
Splais is béiceacha  
Ag déanamh macalla gorma  
Boladh chlóirín  
Ag sraotharlach cheanna féin  
Spéaclaí snámha  
Gach rud bándearg contráilte  
An gaothaire uisce ag imeall na linne,  
Tonnta beaga thar mo chuid chosa  
Ag seasamh lena páistí eile  
Sa taobh éadomhain  
Cluas amháin san uisce  
Ansin cluas eile

## Scéal na Triúr Deartháir

### Scríofa ag John Ward

Stop Boris go tobann nuair a d'airigh sé anáil taobh thiar dá chloigeann agus chuala sé tormán a bhí ar nós crith talún. Ina dhiaidh sin níor chuala Boris aon rud eile.

Bhí Fhorin suite ar an gcloch ag cniotáil stocaí. D'airigh sé tuirseach agus bhí boladh ann a chuir fonn tinnis air. Thit sé ina chodladh agus chaill sé a chloigeann agus b'shin é an deireadh den darna deartháir.

Chan Giles leis féin nuair a bhí sé ag gearradh crainnte lena thua.

“Chop, chop, chop,” a chuaigh an tua.

“Snap, snap, snap,” a chuaigh píosaí de na crainnte.

Stop Giles mar gur airigh sé go raibh rud éigin ag breathnú air. Chas Giles timpeall an-sciobtha agus chaith sé an tua. D'éitil an tua thríd an aer agus bhuail sé an t-ainmhí.

Is laghairt mhór mhillteach a bhí ann. Thóg Giles corp an ainmhí abhaile agus le draíocht, thóg sé a dheartháireacha Boris agus Fhorin ar ais ón mbás.

Bhí an triúr deartháir le chéile arís.

## Don domhan

### Scríofa ag Aisling Ní Nuanáin

Tá a fhios ag go leor daoine faoi seo cheanna féin, ach tá go leor rudaí mícheart leis an domhan. Níl sé ceart go mbeadh chuile rud bunaithe ar 'céard is duine foirfe ann' nuair atá tú dhá bhliain déag d'aois. Bhí mé ag iarraidh a fháil amach cén fáth ar tharla na rudaí seo agus mar sin is mise an duine a bhris isteach sa tsaotharlann. Ach thosaigh na haláirim ag imeacht agus mar sin, ní raibh mé in ann ach cúpla comhad a fháil agus seo hiad. Bhí mé ag obair orthu seo ar feadh thart ar míosa agus cheanna féin tá go leor eolais agam. Ní raibh mé ábalta é a choimeád chugam féin níos faide. Seo chuile phíosa eolais a bhfuil agam...

An chéad lá

Seo é an doiciméad don chéad lá nuair a déantar an róbat.

00:00

Tá sé fós ina chodladh

01:00

Thosaigh sé ag bogadh agus é ina luí

02:00

Gan athrú

03:00

Gan athrú

04:00

Thosaigh a shúile ag corraí

05:00

Seo dearadh a cheann

06:00

Dhúisigh sé suas agus thosaigh sé ag troid agus ag scréachach agus bhí orm é a athbhútaíl

07:00

Dhúisigh sé suas arís gan aon chuimhne aige ar aon uair roimhe sin. Bhí sé ana-chiúin an uair seo ach fós d’fhan sé ina leaba

08:00

Sheas sé suas! Tá na cosa ag obair, tá chuile rud ag déanamh go maith. Níl sé ag siúl ná ag labhairt fós

09:00

Thosaigh an róbat ag siúl ach thit sé

10:00

Tá sé ina sheasamh arís

11:00

D’ardaigh a cheann

12:00

“Haigh. Seamus is ainm dom.”

Sheas sé suas agus thosaigh sé ag labhairt. Chuir sé cúpla ceist orm faoi féin agus faoin domhan. D’fhreagair mé é chomh maith agus a bhí mé in ann. Tá sé ag déanamh ana-mhaith.

13:00

Chonaic sé mé ag déanamh na nótaí agus chuir sé ceist orm (mar dhuine) an raibh sé in ann cúpla rud a scríobh. Cheap mé gur smaoineamh ana-mhaith a bhí ansin agus mar sin, thug mé an leabhar seo dó, mar nach bhfuil mé in ann é a fhágaint leis féin sa seomra seo. Mar sin thug mé an leabhar seo dó gan an dá leathanach seo. B’fhéidir go mbeidh muid in ann níos mó eolais a fháil faoi.

Dia dhuit. Triail 8382 is ainm dom. Níl mórán eolais agam faoin domhan fós. Chuir mé ceist ar an duine atá sa seomra liom. Tá mé chun athrú isteach in “An Duine Foirfe” dar leis an duine atá sa seomra liom. Deireann na físeáin a d’uaslódáil mé go bhfuil mé in ann fíor-dhuine a dhéanamh ó na daoine nach bhfuil go maith. Rachaidh mé amach sa domhan leis na daoine íona a choinneáil scartha ó chuile duine eile. Tharla mé mar gheall gur chaith duine deich mbliana ag obair orm. Tá mé an-sásta faoi seo.

16:00

Rinne mé dearmad na nótaí a scríobh amach. Tá sé níos mó mar dhuine ná aon rud eile. Bhí muid linn féin sa seomra agus mar sin thosaigh muid ag imirt cluiche cártaí. Bhuaigh sé orm

chuile uair. D'imir muid Ró-Sean-Bó freisin agus nuair a chaill sé, bhí sé brónach. Ach fós féin d'imir sé mar dhuine, bhí sé mar a bheinn ag imirt le cara.

**Fuair mé comhad fuaimne do Sheamus ag troid leis An gCeannaire. Bhí sé ag rá leis stop a chur leis an rud ar fad mar go raibh an róbat mar fhíor-dhuine le croí. D'éirigh An Ceannaire crosta leis agus stop an comhad fuaimne. Rinne mé teagmháil lena chlann agus a chairde agus níor chuala siad aon rud faoi arís ina dhiaidh sin.**

Rinne siad cúpla triail eile roimh trial 8383 a thosnú. Chuir siad ceist ar na daoine a rinne an triail na rudaí a chuala siad a scríobh síos agus sin a rinne siad. Ach chuile uair a thosaíonn siad ag labhairt faoi conas a bhraitheann an róbat, tá sé gearrtha amach. Níl a fhios agam cén fáth nó cé atá á dhéanamh ach seo iad.

11/1/11

Siúlaim isteach i m'aonar. Níl a fhios acu cad a tharlódh mura mbeinn. Níl a fhios agam céard a fheicfidh mé, níl mé cinnte an gcreidim é fós. B'fhéidir gur bréag mhór é seo ar fad. Siúlaim deich gcoiscéim isteach ag an bpointe seo, níl in ann aon rud a fheiceáil níos mó. Cuirim na spéaclaí orm. Osclaím mo shúile agus feicim comharthaí le saigheada orthu agus cosán, cosán le cearnóg bhán i ndiaidh cearnóg bhán. Níl aon rogha agam, níl cead agam dul ar ais.

Tar éis siúl ar feadh céard a mhothaíonn mar uair an chloig, sroichim doras. Tógaim anáil mhór agus osclaím é. Níl a fhios agam céard atá chun tarlú.

Feicim é agus imíonn an guth ar fad uaim. Ní chreidim é fiú... níor roinn mé é le haon duine, níor lig mé dom féin smaoineamh faoi fiú. Tógaim céim siar agus feicim é ag síneadh a lámh amach ach feiceann sé m'aghaidh. Crochann sé a cheann go brónach. Rithim ar ais. Nuair a thagaim ar ais, deir siad liom:

"Ná bí buartha. Tarlaíonn sé sin go minic."

Slán. Go raibh maith agaibh.

11/2/11

Tar éis an turais fada chonaic mé í ag seasamh ansin. Bhí gruaig fhdjs aici le súile vfdvf Bhí sí fvhfbvbjhbjhfvfjbvifdibvvhfbvjdfhbvjdfhbvjdfhbvjfjbvjhfbvjhdbvjfjbvjfhdhbvjhfbvjdfhbvjfjbvjdfhbvjfjbvjdfhbvjfjbvjdfhfwsijrubiugliersbkvhsdfhbvuhfdbfidrn syvuerbyurvbiubvibv iivucerbfcckrbiobbr vriuvagusviarwnsvunefivdbibvdhbvidfbikfhdhbih vfdvbfdivnfdihbfdjvbfhbjhbjhvreoroufhieroubulvhfdbisibfdisuifduhfdiuhifuhffuivhciuifvi fhviuhdifuifvifdhuvfidouhifudhifuvhfiuhfdiufvhiufvuhuiuffiuhvmarhviuhosuhvidufhviufhvdiu hviuhxjcxkhivufdhiufhviuhvbiuhvhiuhvhiuhcivfbiuhvbcibfviuhvuidhvoisuhfvoiushiud Rinne mé iarracht céim a thógáil ar aghaidh ach bhí orm léimt siar mar gheall ar réimse fórsa. D'fhéach mé uirthi ach níor bhreathnaigh sí go raibh iontas uirthi. Bhí orm siúl amach ina dhiaidh sin.

Sin mo scéal. An bhfuil aon rud eile ag teastáil?

11/3/11

Shiúil mé isteach- brón orm. Gach rud ceart go leor tar éis an taistil? Siúlann mé isteach sa doras. Bhí duine ag tabhairt amach dó ach nílim in ann é a fheiceáil. Feicim é, breathnaíonn sé foirfe. Casann sé timpeall agus casann sé a shúile. Nílim in ann stopadh ag féachaint air. Bhí mé ag iarraidh rith chuige agus féachaint air níos mó ach bhí balla mór gloine eadrainn. Rinne mé dearmad ar an gcúis go raibh mé ann. Níor thóg mé aon nótaí. Níor chreid mé é roimhe seo ach bhí sé ar fad fíor. Conas ar tharla sé? Ní chreid mé an dul chun cinn a bhí déanta ag an teicneolaíocht. D'oibrigh mé ar an róbat ag an dtús ach d'oibrigh sé!

11/4/11

Ruth is ainm dom. Tá mé trí bliana déag d'aois. Bhí duine ag teastáil uathu a bhí faoi ocht mbliana déag agus phioc siad mise. Dúirt siad liom labhairt faoi cén tuiscint a bhí agamsa de dhuine foirfe. Ní thuigim go hiomlán céard a chiallaíonn sé sin. An duine foirfe a bhfuil mise ag iarraidh a bheith, an ea? Nó duine eile a cheapaimse atá foirfe? Nuair a chuir mé ceist orthu dúirt siad nach raibh a fhios acu.

Téim chuig an scoil síos an bóthar. Níl mé cliste agus níl móréilimh orm. Tá deirfiúr agam freisin. Tá sí cliste agus tá móréilimh uirthi- is fearr le gach duine í thar mise. Níor mhaith liom a bheith mar ise.

\*\*\*

“Níl mé ag iarraidh labhairt faoi céard a tharla. Cuir an rud a scríobh mé roimhe seo suas.”

Seo chuile rud a bhfuil agam go dtí seo. Tá mé fós ag staidéar na nótaí eile a fuair mé. Cuirfidh mé níos mó eolais amach faoi nuair atá sé agam. Is féidir linn é seo a stopadh!



## Ceol Sí

Scríofa ag Éire Ní Fhaoláin

I measc an dúlra, i measc an tsolais,  
Draíocht ag fás, tinneas binn.  
Ceist gan freagra, réalta tréshoilseach,  
Mo mhéara ag druidim le críoch an cheoil.  
Is tine í, ceannasaí na nduilleoga.  
Anam trom, le súile níos troime.  
Deireadh an domhain, deireadh torainn.  
Tá sí ag stánadh,  
Tá sí ag sianaíl.  
Luascadh láidir, litir leáite,  
Mo spiorad nasctha le taobh na habhann.  
Ag lorg lámh, ag iarraidh éalú.  
Titeann an dúlra  
Agus titeann sí.

## **An Taibhse**

### **Scríofa ag Anú Nic Ruairí**

Mhóthaigh mé cosúil le gur mhaith liom caoineadh, cén dóigh a bhfuil mé ábalta cuidiú agus mé marbh?

Níl ionam ach ceann eile de na daoine bómánta a chuaigh ag snámh sa chladach agus mé gan cuidiú ná cara, d'fhan mé ansin san uisce géar, saillte. Anois tá mo chuid cnámha ag cothú na héisc, agus m'anam ag crúthú scéalta scanrúla le hinsint do pháistí le cinnte a dhéanamh nach leanann siad mé san uaimh uisciúil seo.

Leanann mé na daoine a thagann chuig an trá sin, déanaim cinnte nach dtig leo fáil isteach san uisce, cailleann siad a gculaith snámha, faigheann siad cloigeann nimhne ná caithfidh siad dul chun na bhaile go tobann. Rud ar bith le iad a choinneáil ar shiúl.

Síleann daoine nach spiorad maith mé, rud a fhaigheann greim ar pháistí agus iad ina gcodladh, ach i ndáiríre amharcaim ina ndiaidh. Tá grá agam dóibh dar ndóigh, níl mé ag iarraidh an deireadh céanna a thabhairt dóibh, cuideoidh mé leo, tabharfaidh mé an grá dóibh nár thug duine ar bith domsa.

## An Súnamaí

### Scríofa ag Stephen Rooney

Bhí an lá go breá. Bhí an ghrian ag scoilteadh na gcloch. Rinne muid cinneadh dul go dtí an trá. Bhí muid ag cur allais an lá ar fad. Nuair a shroich muid an trá, bhí sé dubh le daoine. Léim muid isteach san fharraige fhuar ghorm ag snámh. Bhí an taoille ag dul amach go tapa.

Chuimhnigh mé ar an am a raibh mo chara sa tSeapáin agus tharla súnámaí. Bhí sé díreach mar a dúirt sé. Lá an-te agus meirbh. Thosaigh an taoille ag dul amach go tapa...ach ní féidir go dtarlódh súnámaí anseo? An bhfuil mé craiceáilte? Dúirt sé gurb é an chéad rud eile a d'fheicfinn ná i bhfad uait go bhfeicfeá balla mór gorm. Díreach cosúil leis an gceann a bhí i bhfad uaim anois.

Chuaigh mo chairde amú. Cá bhfuil siad? Bhí siad ag an veain uachtar reoite. Dúirt mé leo go bhfuil súnámaí ag teacht. Thosaigh siad ag mágadh fúm. Súnámaí?! Anseo in Árann. Níor chreid siad focal a tháinig amach as mo bhéal go dtí go bhfaca siad an balla mór amach uainn.

Chuir mé na gardaí tarrthála ar an eolas. Chuir siad gaoch ar an ard oifig faoin bprótacál. Caithfidh siad an trá a fhágáil láithreach. Bhí faitíos ar gach duine agus thosaigh siad ag bailiú gach rud agus ag rith ar nós na gaoithe go dtí a gcarr. An trá a bhí plódaithe le daoine cúig nóimeád ó shin, bhí sí folamh anois. Dúradh linn dul go dtí an pointe is airde ar an oileán.

Líon muid isteach sa gcarr agus nuair a chas Liam an eochair ní thosódh an t-inneall. Bhí sé róthe don charr. Thriail muid gach rud faoin ngrian ach ní thosódh sé. Rinne muid an cinneadh an carr a fhágáil agus thosaigh muid ag siúl. 'Thug muid neart uisce linn,' arsa Noinín agus muid ag iompar buideáil 2 líotar an duine. Thosaigh an rí-rá agus ruaille buaille nuair a bhí gach duine ar a bhealach go dtí barr an oileáin agus thosaigh gluasteáin ag carnadh suas agus ag tuairteáil. Nach maith gur fhág muid an carr. Bhí daoine craiceáilte ag tiomáint ar na bóithre. D'fhág go leor daoine a gcuid carranna agus thosaigh said ag siúl le peataí, éadaí agus bia. Bheadh sé tamall fada eile go dtí go shroich muid an bóthar go dtí an pointe is airde ar an oileán.

Bhí bus líonta le seandaoine ag iarraidh a bhealach a dhéanamh tríd an slua agus na carranna. Rinne sé a bhealach go dtí bun an bhóthair ach ní raibh sé in ann dul níos faide. Bhí seandaoine ag iarraidh an bóthar géar a dhéanamh suas lena gcuid siúlóirí agus a gcathaoireacha rotha. Bhíomar óg agus aclaí agus mar sin chabhraíomar leo. Thug muid iad leath bealaigh suas. Lig muid scíth ansin agus chuaigh muid síos le cabhrú le daoine eile. Ba é an stráice deireanach an ceann ba dheacra agus bhí na rothaí ag sleamhnú.

Bhí an ghrian ag scaladh anuas orainn agus muid ag déanamh an cúpla 100m deireannach. Faoi dheireadh bhí muid thuas agus in an scíth a ligean. D'fhéachamar ar na sluaite daoine ag déanamh a mbealach suas agus an súnámaí ag teacht níos gaire agus níos gaire. Tháinig an dochtúir agus thosaigh sí ag déanamh cinnte go raibh gach duine go maith agus an raibh duine ar bith díhiodráitithe. Duine nó beirt a chuaigh i dtoll a chéile.

D'éirigh an spéir dorcha agus ní raibh an ghrian le feiceáil sa spéir. Shéid gaoth fhuar. Thosaigh an súnamaí ag teacht i dtír agus na daoine deireannacha ag rith suas an bóthar. Bhí muid uilig brúite isteach ar a chéile gualainn le gualainn ag súil go mbeadh muid slán sabhálte.

Rinne sé a bhealach suas  $\frac{3}{4}$  bealaigh d'airde an oileáin. Bhí muid uilig slán sabhálte. Thosaigh slua nó dhó ag dul abhaile tríd an mbruscar agus na tuilte agus na claíocha a bhí leagtha go talamh. Níor cheap siad go mbeadh an dara ceann ann ach bhí.

Leathuair ina dhaidh sin chonaic mé balla mór millteach i bhfad uainn, i bhfad níos mó ná an uair deireannach agus é ag teacht níos scioptha. Chuir siad foláireamh amach agus i gceann cúpla nóiméad chonaic mé daoine ag rith ar nós na gaoithe ag léim thar aon rud ina mbealach agus sluaite taobh thiar daoibh agus iad ag sciarradh ar na clocha gar don bharr. Tháinig an súnamaí i dtír. Bhí daoine i bhfad níos buartha faoin gceann seo. Theannamar go léir isteach le chéile ag súil le Dia go mbeimis ceart. Dhún mé mo shúile agus ansin chuala mé an súnamaí gar dom. D'oscail mé mo shúile agus go tobann- *whoosh*- leag sé mé agus gach duine eile go talamh. Bhí muid fluich báite. Bhí cúpla duine gortaithe agus tinn ach b'in an méid.

Bhreathnaigh mé timpeall orm. Bhí an áit ar fad scriosta. Shiúil mé fhéin Liam agus Nóinín ar ais go dtí an teach. Bhí sé ag titim óna chéile agus bhí uisce chúile áit. 'Cá bhfanfaidh muid anocht?' arsa Liam. 'An mbeidh ceann eile ann?' arsa Nóinín. Níl a fhios agam.

## Ag Dúnadh

Scríofa ag Chulainn Ó Faoláin

Gach lá déanaim an rud céanna.  
Éirím agus ithim mo bhricfeasta.  
Téim chuig m'óifig ag barr na cathrach.  
Freagraím cúpla ríomhphost agus scríobhaim roinnt nótaí.  
Ach inniu bhí rud éigin saghas difriúil.  
Ní raibh am ar bith chun aon obair a dhéanamh.  
Ní raibh aon am chun caife a ól.  
An lá deireanach ar domhan a bhí ann.  
Chuir mé glaoch ar mo mháthair ar dtús, ansin m'athair.  
Bhí mé ceart go leor leis an smaoineamh gurb é seo mo lá  
deireanach sa saol seo agus go deo.  
Tá fuaim láidir i mo chluasa anois.  
Agus tá mo shúile ag dúnadh.

Buíochas mór le:

Sara Bennett

Ross Coleman

Mark Davidson

Seán Farrelly

Emmy Lugoye

Fearghas Mac Lochlainn

Niall Mac Uidhlin

Annemarie Nugent

Cillian O'Boyle



**FIGHTING  
WORDS**  
GAEILGE